

# Géibheann | le Caitlín Maude | A1 Notes

**Cúlra an fhile:** Rugadh Caitlín Maude i Ros Muc i gConamara sa bhliain 1941. D'oibrigh sí mar aisteoir, mar amhránaí, mar fhile agus mar ghníomhaí teanga (*language activist*). Áfach, d'fhulaing sí as ailse (*cancer*) agus gan aon agó, bhí tionchar mór ag a breoiteacht ar a cuid filíochta (*her illness had a big influence on her poetry*). Foilsíodh dhá bhailúcháin dá saothair (*works*) tar éis a báis; 'Caitlín Maude: Dánta' agus 'Caitlín Maude: Dramaíocht agus Prós'. Cé go raibh a saol gearr, d'éirigh léi go leor rudaí a dhéanamh agus an-chuid dánta a chum (*write*).

**Téama:** I mo thuairim mhacánta, is é easpa saoirse nó 'daoirse' (*oppression*) an téama is tábhachtaí sa dán álainn seo. Tugann an file léargas (*insight*) dúinn ar shaol an ainmhí atá i ngéibheann (*in captivity*) sa zú. Braitheann sé mar phríosúnach, faoi smacht agus faoin ordóg (*under the thumb*). Níl sé i gceannas ar a shaol féin (*in charge of his own life*). Cuimhníonn sé (*he remembers*) an am nuair a bhí sé saor, cumhachtach agus fiáin (*wild*). Sna trópaicí, scanraigh sé na hainmhithe eile nuair a lig sé béic as in ard a chin is a ghutha (*roared at the top of his voice*).

Léiríonn an file an dochar (*damage*) a dhéannann easpa saoirse do spiorad an ainmhí. Tá a spiorad briste, níl aon neart nó fuinneamh (*energy*) fágtha aige. Tá sé éirithe as an saol (*resigned from life*). Ceapaim go bhfuil an file ag cáineadh (*criticising*) fealsúnacht (*philosophy*) an zú. Dar léi (*according to her*) níl sé ceart nó cóir ainmhithe a thógáil óna dtimpeallacht nádúrtha (*natural environment*), óna n-áit dhucháis (*native land*), mar bíonn siad in ísle brí (*down in the dumps*) sa zú. Is fuath leis an bhfile drochíde d'ainmhithe (*cruelty to animals*). Tá sé seo nochtaithe go gléineach sa dán (*very vividly illustrated*).

Ach, ar an lámh eile, b'fhéidir gur dán fáthchiallach (*allegorical*) é seo agus go bhfuil an file ag caint fúithi féin. D'fhulaing an file as ailse agus bhí cuairteoirí sa teach an t-am ar fad agus mhothaigh sí srianta (*confined*) ina saol. Cosúil leis an ainmhí, bhí sí láidir, tráth (*once*), ach d'éirigh sí an-lag.

**Íomhánna:** Úsáideann an file cúpla íomha an-chumhachtach chun a teachtaireacht (*message*) faoi saoirse a chur in iúl dúinn (*put across to us*).

Tá dhá phríomh-íomhá. Sa chéad leath, feicimid ainmhí atá fiáin, bríomhar (*fierce*), neamhspléach (*independent*) agus lán le fuinneamh. Chaith sé na laethanta fada ag seilg (*hunting*) agus ag spaisteoireacht (*wandering*) timpeall a ríochta (*his kingdom*). Bhí an saol ar a thoil aige. B'ainmhí bródúil é agus ba léir go raibh uaisleacht ag baint leis. Bhí an t-ainmhí seo i bpríomh a mhaitheasa (*in his prime*).

Áfach, a mhalairt ar fad (*the complete opposite*) de phictiúr a haon a fhaighimid sa dara leath. Críochnaíonn cuimhní (*memories*) an ainmhí agus déanann sé cur síos ar an réadúil. Tá a chumhacht agus a fhuinneamh imithe go deo. Tá sé bréan bailithe den saol (*sick of life*). Tá sé ag brath ar dhaoine eile (*depending on others*) mar níl sé in ann dul ag seilg. Áfach, níl sé feargach, tá sé sáraithe, glan amach (*completely worn out*) agus glacann sé a chinniúnt (*he accepts his fate*). Tá an codarsnacht (*contrast*) idir an chéad agus an dara véarsa an-bhrónach ar fad.

**Mothúcháin:** Tá go leor mothúcháin le brath sa dán seo; uaibhreas (*pride*), cumha (*grief*) agus féin-trua (*self pity*) san áireamh. Tosaíonn an dán le ráiteas (*statement*) díreach, simplí: "Ainmhí mé, ainmhí allta". Tá an t-ainmhí ag éileamh (*demanding*) gur ainmhí fiáin é, agus go bhfuil uaisleacht agus dinít (*dignity*) ag baint leis. Tá sé suntasach go bhfuil na línte seo scríofa san aimsir láithreach. Cé go bhfuil sé i ngéibheann, tá an t-ainmhí fós (*still*) an-bhródúil as a áilleacht (*beauty*).

Tá an bród athchurtha le (*replaced with*) féin trua sa dara leath. Féachann sé siar ar na blianta deasa sna trópaicí, agus ba mhian leis dul ar ais, dul abhaile. Tá cumha sa dán freisin agus éadóchas (*despair*).

## Teicnící Filíochta:

**Uaim (alliteration):** Úsáidtear uaim chun béim a leagan ar fhocail áirithe, tógaimis mar shampla, "Chroithfinn crainte na coille". Sa chás seo, treisíonn (*reinforces*) sé sonas an saol sna teochreasa, nuair a bhí spás agus machairí móra fairsinge (*wide open plains*), I gcomparáid le cúinge (*narrowness*) an zú. Cuireann uaim le ceol na bhfocal.

**Meadaracht (Metre):** Is í an tsaorvéarsaíocht (*free verse*) atá mar mheadaracht an dáin. Níl aon mhúnla (*mould*) ríme ná síollaí (*syllables*). Mar sin, is féidir leis an bhfile an dán a chum mar is mian léi (*as she likes*). Anuas ar sin, níl aon phoncaíocht (*punctuation*) ar bith sa dán seo. Scaoileann an file srutha smaointe (*a stream of thought*) agus, fiú, ag deireadh an dáin níl aon lánstad (*full stop*) ann.

**Pearsantú (Personification):** Sa dán seo, tá an t-ainmhí ag labhairt díreach linn. Tá sé seo an-éifeachtach, mar impíonn an t-ainmhí orainn (*he implores us*) é a scaoileadh saor agus a shaoirse a thabhairt ar ais dó. Is sinne, na daoine a théann chuig an zú chun breathnú ar na hainmhithe, agus mar sin cuireann an file náire (*shame*) orainn, "tagann na céadta daoine chuile lá..."